

# Tionchar na Teicneolaíochta ar Chleachtadh agus ar Thorthaí an Oideachais

Pádraig Ó hÓgáin

I

## Meitifisic nua-aimseartha: - an dearcadh teicniúil

Is minic a deirtear go bhfuil athrú bunúsach tagtha ar an gcóras oideachais in Éirinn ó na seascadaí i leith. Luaitear mar shampla an curaclam nua a cuirtear i bhfeidhm sna bunscoileanna i 1971, an méadú an-mhór i líon na ndaltaí meánscoile ó cuireadh tús le scéim an tsaoroideachais i 1967, bogadh ceist na Gaeilge ón láráit i bpolasáí oideachais na tíre, agus go háirithe, an tábhacht thobann a bhaineann leis 'an teicneolaíocht nua' inniu.

Chun na fírinne a rá áfach, ainneoin an mhéid atá scríofa thuas, is beag le rá iad na hathruithe *bunúsacha* atá tagtha ar struchtúr ár gcórais oideachais ach amháin b'fhéidir, ag leibhéal an ardoideachais. Maidir leis na bunscoileanna baineann a lán deacrachtaí fós leis na hiarrachtaí chun an curaclam nua a chur i bhfeidhm go hiomlán — easpa airgid, ranganna ró-mhór, easpa cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí 7rl. Mar sin féin is dócha gur sna bunscoileanna go ginearálta a bhfuil an obair is fearr ar siúl faoi láthair ó thaobh forbairt agus iomlánú an duine de.

Má bhreathnaímid ar na meánscoileanna, feicimid rud amháin láithreach, is é sin seachas corráthú anseo agus ánsiúd, is é an clár céanna, na modhanna múinte céanna, agus an córas scrúdaithe céanna atá i bhfeidhm anois i 1985 is a cuireadh ar bun i 1924. Is dócha gurb é an t-athrú is mó a tharla sna meánscoileanna le blianta anuas ná chomh fíochmhar is a bhíonn an comórtas anois idir na scoláirí ag lorg 'pointí' i scrúdú na hArdteistiméireachta. Cuirtear in iúl dúinn go bhfuil an Bord Curaclam agus Scrúduithe ag fiosrú na faidhbe seo go géar faoi láthair agus go bhfuil an-fonn orthu feabhas mór a chur ar an scéal. Fillfidh mé ar an bpointe seo níos faide amach.

Is trí struchtúr an ardoideachais áfach is féidir linn na forbairtí is mó le

rá a fheiceáil, ní hamháin i gcás na gCeardcholáistí Réigiúnacha, na bhFóras Náisiúnta um Ardoideachas (NIHE) (agus an nua-eagraíocht acadúil do na coláistí sin, — Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais (NCEA),)ach, níos tábhachtaí, dar liomsa is ea an fás forleathan ar mheon nua maidir le ceisteanna teicneolaíochta, ceisteanna polaitiúla nó eacnamaíochta, nó ceisteanna oideachais féin. Meon atá faoi thionchar nó smacht teoiriciúil atá i gceist anseo agus is é an dearcadh teicniúil is túisce a ritheann liom le tabhairt air.

Is gá tuilleadh a rá faoin dearcadh teicniúil chun an téarma a mhíniú go cruinn. Ba é Aristotle a thaispeáin go soiléir ar dtús, go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le fadhbanna oideachais ná fadhbanna a bhaineann le héifeacht i bhfoghlaim. Mar nuair a bhíonn duine ar bith ag foghlaim aon rud i gceart agus le díograis, bíonn sé ag cleachtadh an ábhair sin ina aigne agus ina chroí. Nó níos cirte le rá, bíonn an t-ábhar sin ag déanamh a chuid cleachtaidh féin ar a aigne agus ar a chroí, go minic i ngan fhios don duine. Is mar thoradh ar an sort cleachtaidh spéisiúil seo i bhfisic, mar shampla, a bheidh sé ina eolaí fisice, is mar thoradh ar an sort cleachtaidh seo sa bhfilíocht a bheidh sé ina fhile den scoth. Is mar an gcéanna maidir le uirlisí ceoil, teangacha eachtracha, nó staidéar de aon sort. Aistrítear smaoineamh Aristotle go minic go Béarla mar '*we become what we practise*'.

Anois, má bhí an duine ag déanamh staidéir le blianta ar ábhar amháin nó ar chúpla ábhar sa raon speisialta céanna — matamaitic agus fisic abair — is ar éigean nach dtagann athrú air: tagann forbairt speisialta, ní hamháin ar a intinn maidir le matamaitic agus fisic, ach ar ndóigh, *ar a dhearcadh ar an saol i gcoitinne*. Tarlaíonn rud den saghas céanna dó má bhíonn sé ag déanamh staidéir ar leith ar an bhfilíocht, cur i gcás, nó ar an gceol, ach amháin go leanann forbairt a dhearcadh treo eile ar fad sa chás seo. Is féidir a fheiceáil go soiléir anois go gcruth-

aítear saibhreas speisialta i gcás gach forbairt den sort atá i gceist, — saibhreas an tsáineolais —, ach de ghnáth faraor, bíonn cúngú i gceist. Go minic cothaíonn an saineolaí drochmheas, fiú amháin, ar dhearcadh an phobail go ginearálta, nach mbíonn saineolas d'aon sort acu — d'aon sort teoiriciúil ar aon nós. Rinne C.P. Snow trácht ar easaontais mar seo blianta fada ó shin nuair a thagair sé don '*two cultures*'.

Is féidir a mhaíomh sa lá atá inniu ann áfach go bhfuil an cultúr teicniúil, agus a chuid tionchair, i bhfad níos láidre agus níos forleithne anois ná mar a bhí in aimsir C.P. Snow; agus go bhfuil cumhacht 'pholaitiúil' ag an dearcadh teicniúil nach bhfuil ag an bhfile, ag an gceoltóir, nó ag lucht na n-ealaíon i gcoitinne. Tá a lán scríofa le déanaí ag fealsúna faoin meon polaitiúil seo atá ceangailte leis an dearcadh teicniúil, ina measc siúd daoine mar Jacques Ellul, Gabriel Marcel, Herbert Marcuse, Martin Heidegger, agus go mórmhór sa lá inniu, Jurgen Habermas. Déanann Habermas trácht go minic ar chineál '*vested interest*' nua-aimseartha i gcúrsaí polaitiúla, i gcúrsaí eacnamaíochta agus i gcúrsaí acadúla agus taighde freisin. Is éard a thugann sé air ná '*the technical cognitive interest*' agus dár leis, bíonn an dearcadh teicniúil seo ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil nuair a bhíonn ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le polasáí á bplé. Mar a deir Habermas féin: 'This is the cognitive interest in technical control over the objectified process'.

Chun an méid seo a shoiléiriú is éard atá i gceist ag Habermas, Ellul, Marcuse 7rl., ná idé-eolaíocht a thugann sainmhíniú uirthi féin, agus nach n-aithníonn go mbaineann tréithe meitifisiciúla lena cuid bunphrionsabal féin. Tá míthuiscint bhunúsach anseo a shéanann go bhfuil ceangal idir dearcadh idé-eolaíochta ar bith agus saineolas agus a chreideann go mbíonn saineolas i gcónaí 'saor ó luacháil' mar a deirtear. Is botún bunúsach é seo áfach, agus ceann atá níos dáinséirí de bharr nach dtuigtear gur botún é.



Grianghraf le Bill Doyle

## II

### Saoirse ón idé-eolaíocht agus forbairt shaibhreas idirphearsanta.

Féachaimis arís ar an gcóras oideachais in Éirinn agus is féidir linn a fheiceáil nach raibh an dearcadh teicniúil le fáil go forleathan i saol phobal na tíre roimh na seascadaí. Bhí an lámh in uachtar ag dearcadh meitifisiciúil eile sa tréimhse sin – dearcadh na heaglaise – go mórmhór chomh fada is a bhain le hoideachas. Is féidir an fás sa dearcadh teicniúil agus an neartú ina thionchar a nochtú go háirithe sna forbairtí a cuireadh chun cinn san ard-oideachais agus i gcúrsaí taighde agus pleanála anseo ó dheireadh na seascadaí ar aghaidh. Mar chomhartha ar cé chomh bunúsach is atá an t-athrú atá tagtha ar dhíospóireacht agus chumarsáid mar shampla, ní gá ach féachaint ar an bplé a bhíonn ar siúl faoi chúrsaí reatha. Bíonn tuairimí na saineolaithe – go minic ard-chéimithe ollscoile nó lucht taighde – á lorg is á phlé go laethúil inniu, in áiteanna agus ar bhealaí nach mbeadh i gceist in aon chor scór de bhlianta ó shin. Mar shampla, deintear scagadh i bhfad níos míne ar phríomhscéalta na nuachta ar an teilifís agus an raidió inniu ná mar a dheintí deich mbliana ó shin fiú – cuirtear agallamh ar ‘shaineolaí’ aitheanta leis an gceist a chíoradh agus glactar lena thuairimí.

Sa chóras oideachais féin is féidir an claonadh seo a fheiceáil. Cé nach bhfuil aon feabhas bunúsach tagtha ar

an gcóras, níl aon easpa díospóireachta ann den sort atá teoriciúil teicniúil. Cloisfead trácht go minic anois, mar shampla, ar ‘the school as a socio-technical system’, nó ‘alternative curriculum development models’ (go minic i gcomórtas lena chéile), nó ‘the tailoring of educational provision to projected manpower requirements’, nó ‘the behavioural objectives of school programmes and socio-economic development factors’ 7rl. Téarmaí tagartha iad seo ar ndóigh a thaispeánann go soiléir an dearcadh a ndearna Habermas cur síos air:– an iarracht chun cumhacht iomlán – cumhacht na teicníc – a ghnóthú thar imeachtaí idirphearsanta agus ceist-eanna daonna nó sóisialta a bhreith faoi smacht teicniúil. Is é príomhthoradh an dearcadh seo dar liom ná go gcruthaítear diaidh ar ndiaidh, ach go deimhin mar sin féin, íomhá den oid-eachas mar rud neamhphearsanta, mar chóras a bhaineann níos mó le rialacha socraithe agus cuspóirí dolúbtha ná le bheith ag iarraidh saibhreas pearsanta agus idirphearsanta a bhaint amach agus muintearas idir mic léinn agus múinteoirí a neartú.

Is cosúil go dtiteann a lán de na mic léinn is cliste – idir ábhar innealtóirí, dochtúirí, dlíodóirí, eolaithe, agus múinteoirí ar ndóigh –, go minic i ngan fhios dóibh féin, faoi dhraíocht an dearcadh theicniúil i rith a gcuid staidéir. Is amhlaidh freisin go bhfanann an méid draíochtach, clúdaithe seo dá gcuid oideachais leo ina dhiaidh sin i rith a bhfostaíochta. Nílím ag cur i leith na ndaoine seo gur drochdhaoine iad ach an rud ar mhaith liom béim a chur air ná, ainneoin an tsaineolais a

bhíonn ar fáil go flúirseach i measc daoine mar seo, bíonn easpa breithiúnais go minic le feiceáil in a lán gnéithe áirithe dá saol. An sort easpa breithiúnais atá i gceist agam léirítear é trí easpa dearfachta nó ardnósacht maidir lena dtuairimí féin agus gan iad a bheith sásta go minic a admháil nach bhfuil iomlán na fírinne ag aon duine nó grúpa áirithe amháin.

Is deacair a chur in iúl do ‘technocrat’ a bhfuil clú agus cáil ar a chuid eolais go mb’fhéidir go bhfuil a mheon cúng nó dolúbtha nó go bhfuil easnamh éigin eile ag baint leis. Rinne an sean-Ghréagach Socrates a lán iarrachtaí an teachtaireacht seo díreach a bhrú ar shaineolaithe a linne féin, na Sofaistí cáiliúla a raibh gach *techné* faoi smacht acu, dár leo. B’fhíochmhar an fhearg a tháinig orthu áfach de thoradh obair Socrates agus sa deireadh bhain siad úsáid chliste as *techné* an dlí chun an duine trioblóideach seo agus a chuid ceisteanna a chur as an mbealach go deo.

Ceaptar go minic go bhfuil an teicneolaíocht féin neodrach agus nach baol dúinn í ach an úsáid chearta bhaint as. Ach nach amhlaidh nach mbeidh sé ar ár gcumas an úsáid chearta bhaint as go dtí go n-admhálfaimid ar dtús go bhfuilimid faoi smacht agus go minic faoi dhraíocht na teicneolaíochta féin. Caithfidh a fhiosrú, ar dtús an bhfuil ár gcuid intleachta sa phríosún sin a dtugann Habermas an ‘*technical cognitive interest*’ air, agus má tharlaíonn go bhfuil, caithfidh ar an gcéad dul síos sinn féin a shaoradh ón bpríosún sin. Ansin, má dhéanaimid ár ndícheall an tsaoirse nua sin a chothú go fairsing, b’fhéidir go dtiocfaidh ar ár gcumas an teicneolaíocht a úsáid chun ár saoirse agus ár saibhreas cultúrtha a mhéadú.

Is iarracht a bhaineann le hoid-eachas go mórmhór an iarracht seo dar liom. Measaim go bhfuil sé de dhualgas ar lucht oideachais – más lucht oideachais i gcearta iad – idé-eolaíocht de gach saghas a sheachaint agus solúbthacht chriticiúil a chothú in aigne na n-óg sula gcuann a ndearcacha ar aon treo cúng. Tá deis stairiúil ag an mBord nua Curaclam agus Scrúdaithe tús maith a chur ar an obair seo faoi láthair. Má luíonn an toise teicniúil róthrom ar smaoineamh nó ar stíl an bhoird seo beidh deis an-tábhachtach eile cailte. ●